# Scéim Caipitil Ceoil 2024
# Treoirlínte maidir le Dámhachtain 3 (Ceoltóirí aonair gairmiúla atá ag teacht chun cinn agus a bhíonn ag seinm ar stáitse)

Arna bhainistiú ag Music Network, arna mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Leagtar amach Scéim Caipitil Ceoil de chuid Music Network chun tacaíocht a chur ar fáil i ndáil le huirlisí ceoil a cheannach agus chun aghaidh a thabhairt ar réimse leathan riachtanas caipitil laistigh d'earnáil an cheoil in Éirinn.

Déantar cur síos sa doiciméad seo ar **Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3 (Ceoltóirí aonair gairmiúla atá ag teacht chun cinn agus a bhíonn ag seinm ar stáitse),** cuirtear faisnéis ar fáil ann ar mar is féidir iarratas a dhéanamh, agus déantar achoimre ann ar mar a dhéanfar iarratais a mheas. Leagtar amach an dámhachtain chun tacaíocht a chur ar fáil do cheoltóirí aonair atá ag teacht chun cinn, a léiríonn go bhfuil an-mhianach iontu agus a bhíonn ag obair ag leibhéal gairmiúil, ar ceoltóirí iad a bhfuil tacaíocht á lorg acu chun uirlisí ardchaighdeáin a bheidh ríthábhachtach dá ngairm ar stáitse a cheannach. (NB: Is féidir tagairt do 'uirlisí' síos tríd an doiciméad seo a thuiscint mar thagairt don uirlis atá beartaithe lena ceannach agus/nó ball/baill eile incháilithe, de réir an liosta ar leathanach 2).

Is é is brí le ceoltóirí aonair gairmiúla atá ag teacht chun cinn agus a bhíonn ag seinm ar stáitse ná ceoltóirí d'aois ar bith a sheinneann ceol de sheánra ar bith atá ag tabhairt faoi mháistreacht a fháil ar a gcleachtas ceoil ar stáitse agus atá sna blianta luath de shlí bheatha ghairmiúil a bhaint amach dóibh féin ag seinm ceoil ar stáitse. Tá taithí de shaghas éigin acu, ach níl cáil mhór bainte amach acu go fóill mar cheoltóirí gairmiúla a bhíonn ag seinm ar stáitse. Deir siad féin gur ceoltóirí gairmiúla a bhíonn ag seinm ar stáitse iad, agus is mar sin a aithníonn a bpiaraí iad. Tá an dámhachtain seo oscailte do cheoltóirí a oibríonn ina dtaibheoirí ardleibhéil, bíodh sin i gcáil aonréadaithe nó mar dhuine de ghrúpa beag/ensemble/chomharghrúpa in aon seánra ar bith.

**Is é €90,000 an maoiniú iomlán a bheidh ar fáil de Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3.**

**Is é an spriocdháta chun iarratais a fháil ná 2pm, Dé Máirt 25 Meitheamh 2024.**

**Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?**
Tá ceoltóirí aonair a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain 3 de Scéim Caipitil Ceoil 2024. Tá Music Network tiomanta do chothromas agus d'ionchuimsiú, agus fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine aonair de phobail atá éagsúil ó thaobh cultúir de agus ó dhaoine faoi mhíchumas. Tá 'cónaitheacht' bunaithe ar an sainmhíniú a thugann na Coimisinéirí Ioncaim ar an téarma: *Tá tú cónaitheach chun críocha cánach in Éirinn má tá tú i láthair in Éirinn le haghaidh:*

- *183 lá nó níos mó laistigh de bhliain chánach*

  *nó*
- *280 lá nó níos mó san iomlán, ag tógáil na bliana cánach reatha móide an bhliain chánach roimhe sin le chéile. Ní bheidh tú cónaitheach in Éirinn má tá tú anseo ar feadh 30 lá nó níos lú i mbliain chánach.*

Beidh uimhir bhailí PSP ag cónaitheoirí. Téigh chuig www.revenue.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Tá eisceachtaí áirithe i gceist ina bhféadfadh Music Network iarratais ó dhaoine atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann a mheas a bheith incháilithe. Sula bhféadfaí aon iarratas dá leithéid a mheas a

bheith incháilithe, áfach, bheadh ar an iarratasóir a chur in iúl go soiléir san iarratas mar a rachadh torthaí togra ar bith den sórt sin chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann.

**Iarratasóirí / iarratais neamh-incháilithe**

• Níl daoine aonair atá faoi bhun 18 mbliana d'aois incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
• Níl iar-dhámhachtaithe na Scéime Caipitil Ceoil nár chomhlíon coinníollacha a ndámhachtana incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
• Níl iar-dhámhachtaithe na Scéime Caipitil Ceoil Dámhachtain 2 incháilithe le hiarratas a dhéanamh.

Measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe sa chás:

- go bhfaighfí d'iarratas tar éis an dáta deiridh nó an ama deiridh le haghaidh iarratas: **2pm, Dé Máirt 25 Meitheamh 2024.**
- nach mbeadh na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha go léir san áireamh le d'iarratas (leathanach 3).
- nach mbeadh d'iarratas ag teacht le coinníollacha na dámhachtana (leathanaigh 5 – 6).
- go mbainfeadh d'iarratas le huirlis a ceannaíodh cheana féin nó a cheannófar sula ndéanfaí cinntí i dtaca le maoiniú.
- nach mbeadh an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine. Cuir isteach 'N/B' in aon chuid nach mbaineann le d'iarratas, más gá.

Tabhair ar aird go ndícháileofar iarratais de thoradh stocaireachta.

**Caiteachas incháilithe / neamh-incháilithe**

Ní mór an uirlis atá beartaithe lena ceannach a bheith mar cheann de phríomhuirlisí an iarratasóra, ar féidir leis/léi a léiriú go bhfuil cuntas teiste maith aige/aici uirthi ó thaobh ceol a sheinm ar stáitse /poitéinseal gairme. Cuirfear an maoiniú tacaíochta a ghabhann leis an dámhachtain seo ar fáil trí íocaíocht deontais chuig an gceoltóir aonair.

Mar aon leis an gcostas a bhaineann le huirlisí ceoil (uirlisí nua nó uirlisí dara láimhe ar ardchaighdeán) a cheannach, is ionann na míreanna seo a leanas agus caiteachas **incháilithe** mar chuid den de Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3. NB: ní mór gach ball atá molta lena cheannach a úsáid i suíomh beo-léirithe go príomha.

| | | |
|---|---|---|
| Boghanna | Trealamh leictreafhuaimiúil | Béalóga |
| Drumachinn, bataí druma, scuaba | Aimplitheoirí uirlise agus seoláin | Córais Fógartha Poiblí agus micreafóin |
| Troitheáin éifeachtaí | Cásanna d'uirlisí | Sainstólta nuair is gá |

Tá na míreanna seo a leanas **neamh-incháilithe** le haghaidh tacaíochta sa Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3.

| | |
|---|---|
| Ríomhairí/ríomhairí glúine | Méadranóim, tiúnóirí, táillí tiúnála |
| Trealamh agus bogearraí le haghaidh taifeadta | Spás cleachtaidh a cheannach/a ligean ar cíos |
| Costais a bhaineann le ceannach na huirlise e.g. seoladh, seachadadh, dleachtanna, táillí bainc, táillí iomportála | |

## An Próiseas Iarrartais

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais ar líne a chomhlánú mar aon le hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha a chur ar aghaidh. Féadfaidh iarratasóirí Ábhair Tacaíochta Roghnacha a chur ar aghaidh chomh maith.

### 1. An Fhoirm Iarratais

Cúig chuid atá san fhoirm iarratais, ina n-iarrfar ar an iarratasóir faisnéis a chur ar fáil maidir lena shonraí teagmhála, a chúlra (e.g. oideachas/oiliúint ábhartha, taibhithe ar stáitse roimhe seo), a chuid pleananna don todhchaí (e.g. taibhithe atá ag teacht aníos, pleananna i leith forbartha) agus an uirlis atá beartaithe lena ceannach (e.g. an costas, ranníocaíocht an iarratasóra i dtreo an chostais, an gá atá leis an uirlis). Déanfar na hÁbhair Tacaíochta go léir a uaslódáil mar chuid den fhoirm iarratais ar líne a chur i gcrích.

### 2. Ábhair Tacaíochta Riachtanacha

Cinntigh go gcuirfidh tú gach ábhar a shonraítear thíos ar fáil, mar nach mbeifear in ann iarratais nach bhfuil na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha go léir san áireamh leo a mheas ina n-iomláine agus measfar iad a bheith neamh-incháilithe dá bhrí sin.

- Curriculum Vitae

Níor cheart an doiciméad seo a bheith níos faide ná dhá leathanach, agus ba cheart sonraí maidir le hoideachas/oiliúint, taibhithe ceoil a rinne tú roimhe seo agus grúpaí/ensembles/ceoltóirí lenar gcomhoibrigh tú a bheith air.

- Taifeadtaí fuaime/físe

Ní mór d'iarratasóirí dhá thaifeadadh a bhfuil codarsnacht eatarthu a chur ar aghaidh ina léirítear a gcuid gníomhaíochta ealaíonta, agus doiciméad Word in éineacht leo ina liostaítear na sonraí taifeadta (amanna tosaigh/stoptha do chodanna ábhartha don mheasúnóir le héisteacht leo, dáta, suíomh an taifeadta).

- Is féidir taifeadtaí fuaime i bhformáid mp3 a uaslódáil go díreach chuig an bhfoirm iarratais
- Is féidir taifeadtaí fuaime i bhformáidí eile agus taifeadtaí físe a nascadh ar an doiciméad Word.

N.B. Mura mbeifear ábalta rochtain a fháil ar na naisc le linn na tréimhse measúnaithe, ní bheifear in ann d'iarratas a mheas ina iomláine, mar sin déan cinnte go bhfuil do naisc/chomhaid inrochtana go poiblí nó cuir pasfhocal ar fáil más gá.

- Dhá meastacháin don uirlis atá beartaithe lena cheannach

Ní mór d'iarratasóirí meastacháin a chur ar aghaidh ó **dhá sholáthróir ar leith.** Tá meastacháin riachtanach chun críocha comparáide ionas gur féidir 'luach ar airgead' a léiriú agus é a mheá go cúramach i ndáil le gach iarratas. Ní mór go léireofar ainm an tsoláthróra, sonraíochtaí agus costas na huirlise sa mheastachán i ngabháil scáileáin tógtha ó láithreán gréasáin an tsoláthróra, nó i ríomhphost/litir ón soláthróir.

- Más in airgeadra seachas an Euro atá na meastacháin, cuir isteach an ráta comhshó cuí; ní mór figiúirí ar d'fhoirm iarratais a chur síos in Euro.
- I gcás uirlisí saincheaptha, ba cheart go mbainfeadh na meastachán/meastacháin bhreise leis an uirlis/na huirlisí is mó atá inchomparáide. Déan teagmháil le Riarthóir na Scéime Caipitil Ceoil má tá ceist ar bith agat.
- Ó tharla gur féidir le naisc dul in éag/a bheith neamhghníomhach tar éis tamaill, níl sé inghlactha chun naisc a chur ar aghaidh in áit meastacháin san fhormáid a shonraítear anseo.

- Litreacha Molta

Ní mór d'iarratasóirí dhá litir mholta a uaslódáil ó phiaraí/meantóirí. Ba cheart gur scríobhadh na litreacha le déanaí agus ba cheart tagairt shonrach don iarratasóir, a scileanna taibhithe agus a fhorbairt gairme a bheith istigh iontu.

**3. Ábhair Tacaíochta Roghnacha**

Féadfaidh iarratasóirí suas le cúig doiciméad a uaslódáil mar Ábhair Tacaíochta Roghnacha. D'fhéadfadh a leanas a bheith i gceist leis seo, gan a bheith teoranta dóibh: léirmheasanna, gearrthóga nuachtáin agus ábhar poiblíochta.

**4. An bealach le d'iarratas a chur ar aghaidh**

Ba cheart d'iarratasóirí dul chuig www.musicnetwork.ie agus a bpróifíl a shocrú. Ansin, beidh an t-iarratasóir ábalta an t-iarratas a chur i gcrích i gcéimeanna (an fhoirm iarratais a chomhlánú agus na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha agus Roghnacha ar fad a uaslódáil) le linn na tréimhse iarratais. Ní mór ábhair uile an iarratais, i.e. an fhoirm iarratais agus ábhair tacaíochta, a chur ar aghaidh trí thairseach na n-iarratas atá ar fáil ar www.musicnetwork.ie. Ní mór an t-iarratas comhlánaithe a chur ar aghaidh faoin **2pm, Dé Máirt 25 Meitheamh 2024.**

Má chuireann tú d'iarratas ar aghaidh roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais, gheobhaidh tú ríomhphost uathoibrithe ina ndeimhneofar gur éirigh leat d'iarratas a chur isteach sa chóras i gceart. N.B. Mar go seoltar ríomhphoist go huathoibríoch, tá seans go dtiocfaidh siad isteach i d'fhillteán turscair. **Mura bhfaigheann tú an ríomhphost seo, níor cuireadh d'iarratas isteach i gceart.** Tabhair ar aird gur faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfaigheann Music Network an t-iarratas faoin dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Ní féidir le Music Network freagracht a ghlacadh as iarratais nár cuireadh isteach i gceart faoin dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

**<u>Comhairle d'Iarratasóirí</u>**

- Léigh na Treoirlínte maidir le Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3 agus an fhoirm iarratais do Scéim Caipitil Ceoil 2024 Dámhachtain 3 fad atá d'iarratas á ullmhú agat.
- Déan cinnte go bhfuil d'iarratas soiléir agus gonta agus nach bhfuil débhrí ann; ná glac leis go bhfuil cur amach ag na measúnóirí ar do chuid oibre.
- Bí ag smaoineamh ar na critéir roghnúcháin agus an t-iarratas á scríobh agat agus na hábhair tacaíochta á roghnú agat lena gcur ar aghaidh.
- Bíodh tuairim shoiléir réalaíoch agat ar na costais a bhaineann le do thogra agus leag amach go soiléir na foinsí ioncaim atá agat.
- Roghnaigh an t-ábhar tacaíochta go cúramach lena chinntiú gurb é an léiriú is fearr é ar do chuid oibre. Obair a rinneadh le déanaí, go príomha, a bheidh san ábhar tacaíochta, agus ba cheart baint shoiléir a bheith le feiceáil idir é agus an uirlis atá beartaithe lena ceannach.
- Iarr ar chara nó ar chomhghleacaí súil a chaitheamh ar d'iarratas sula gcuirfeá ar aghaidh é.
- Bíodh d'iarratas ullmhaithe agus curtha ar aghaidh agat i bhfad roimh an dáta agus am deiridh a nglacfar le hiarratais: **2pm, Dé Máirt 25 Meitheamh 2024.**

**<u>An Nós Imeachta um Measúnú</u>**

Déanfaidh comhairleoir neamhspleách na hiarratais incháilithe ar fad a mheas bunaithe ar an gcritéir roghnúcháin a luaitear thíos. D'fhéadfaí leas a bhaint as próiseas gearrliostaithe, ag brath ar líon na n-iarratas. I ndiaidh sin, déanfaidh painéal, ar a mbeidh ionadaithe ó Music Network, ón gComhairle Ealaíon agus cleachtóirí ceoil a bhaineann le seánraí éagsúla, na hiarratais a bhreithniú agus déanfaidh siad cinneadh maidir le leithdháileadh na gcistí. D'fhéadfadh an painéal a chinneadh gan cistí a bhronnadh sa chás nach bhfaighfí dóthain iarratas ardchaighdeáin. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an phainéil. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil teorainn leis an maoiniú agus gur próiseas thar a bheith iomaíoch é seo. Ní leor na critéir incháilitheachta a shásamh le maoiniú a chinntiú.

**Critéir Roghnúcháin**

Déanfar iarratais a mheas bunaithe ar na ceithre critéar seo a leanas a bhfuil **an t-ualú céanna leo ar fad**:

| Maidir leis an uirlis atá beartaithe lena ceannach: | |
|---|---|
| • Cuntas teiste an iarratasóra | 25% |
| • Acmhainn léirithe agus pleananna an iarratasóra maidir le forbairt gairme | 25% |
| • Gá léirithe | 25% |
| • Pleananna le húsáid na huirlise, i bPoblacht na hÉireann san áireamh | 25% |

**Torthaí**

Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas ar ríomhphost maidir le cinneadh an phainéil i mí an Mheán Fómhair 2024. Foilseofar ainmneacha na n-iarratasóirí a n-éireoidh leo go gairid ina dhiaidh sin.

**Iarratasóirí nach n-éireoidh leo**

Cuirfidh Music Network aiseolas ar fáil d'iarratasóirí nach n-éireoidh leo laistigh de dhá mhí ó fhógra na dtorthaí. Beidh cead ag na hiarratasóirí sin iarratas a dhéanamh arís amach anseo.

**Iarratasóirí a n-éireoidh leo - Coinníollacha na dámhachtana**

• Feadfar suas le 50% de chostas iomlán na huirlise a bhronnadh; ná gabhadh méid na dámhachtana thar 50% de chostas iomlán na huirlise. Ní mór d'iarratasóirí an 50% eile a mhaoiniú; níl cead lascaine ó sholáthróirí uirlisí a bheith san áireamh leis an 50% seo.

• Bainfidh na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain úsáid rialta as an uirlis i bPoblacht na hÉireann go ceann trí bliana ar a laghad. Ní gá gur úsáid eisiach a bheadh i gceist leis seo. I gcás pianónna nó uirlisí móra eile nach bhfuil iniompartha, coinneofar an uirlis san áit a mbíonn an ceoltóir ag cleachtadh de ghnáth.

• Ní mór do na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain soláthar cuí a dhéanamh maidir le haire a thabhairt don uirlis agus í a choinneáil, a árachú, a chothabháil agus a dheisiú.

• Ní mór do na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain uirlis a aimsiú lena ceannach (sa chás nár aimsíodh uirlis cheana féin) taobh istigh de shé mhí ó fhógra a fháil maidir le bronnadh na dámhachtana. Ní mór ceannach na huirlise agus íostarraingt an mhaoinithe a bheith déanta taobh istigh de dheich mhí ó dháta na dámhachtana.

• Ní mór do na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain scríobhfa chuig Music Network laistigh de dhá sheachtain ó na torthaí a fháil chun íocaíocht na dámhachtana a iarraidh. Ní mór do gach dámhachtaí a uimhir PSP a lua, agus ní mór dóibhsean a bheidh ag fáil breis agus €10,000 an Uimhir Thagartha Cánach agus an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach atá acu a lua chomh maith d'fhonn an dámhachtain a íostharraingt.

• Ní mór do na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain faomhadh Music Network a fháil maidir le hathrú ar bith atá beartaithe aici ar an uirlise sonraithe le ceannach.

• Ní mór do na ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain cóipeanna d'fháltais don uirlis ceadaithe a chur ar fáil do Music Network laistigh de sé mhí ó íocaíocht na dámhachtana a fháil. I gcás gur in airgeadra eile seachas an euro atá na fáltais, ní mór deimhniú ar an tsuim a íocadh in euro a chur ar fáil freisin. I gcás nach bhfaightear doiciméid den sórt sin, forghéillfeadh an dámhachtaí an dámhachtain, agus aisíocfaidh sé an sciar de na cistí nár úsáideadh le Music Network. I gcás an costas deiridh a bheith níos ísle ná mar a raibh súil leis,

aisíocfaidh an dámhachtaí an sciar den dámhachtain nár úsáideadh le Music Network lena chur isteach i gciste dhámhachtain na Scéime Caipitil Ceoil do na blianta atá le teacht.

• Ní mór do cheoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil do Music Network maidir le húsáid na huirlise go ceann trí bliana ón dáta ar a bhfaighfear an uirlis.

• Beidh sé d'oibleagáid ar ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtain tacaíocht Music Network, tacaíocht na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil in ábhar beathaisnéiseach agus poiblíochta, ó dháta na dámhachtana, go ceann trí bliana ar a laghad. Seolfar na lógónna ábhartha agus teimpléad de théacs na hadmhála chuig dámhachtaithe tar éis torthaí na dámhachtana a dheimhniú. Éileofar ar ceoltóirí ar a mbronnfar dámhachtaincruthúnas ar admháil a chur faoi bhráid Music Network in éineacht le tuarascálacha bliantúla i.e. cláir ceolchoirme shamplacha, gabhálacha scáileáin ó láithreáin ghréasáin, póstaeir, fógráin etc. ar a bhfuil an admháil le feiceáil.

• Aontaíonn ceoltóirí a mbronnfar dámhachtain orthu go gcloífidh siad le coinníollacha na dámhachtana seo. Sa chás go dtarlódh athrú ar chúinsí a d'fhágfadh nach mbeifí in ann cloí le coinníollacha na dámhachtana, bheadh ar an gceoltóir an tsuim arna bronnadh (nó an céatadán de luach na huirlisí ag an bpointe sin atá comhfhreagrach do luach na bundámhachtana ) a íoc ar ais le Music Network. Chuirfí an tsuim sin isteach i gciste na Scéime Caipitil Ceoil do na blianta ina dhiaidh sin.